# Tarraing an Roicéad

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2-T, línte agus uillinneacha<br>Tomhais - achar<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cumarsáid agus cur in iúl - fadhbanna a phlé agus anailísí a chur i gcrích<br>• Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall<br>• Nascadh agus comhtháthú - matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | géaruillinn, dronuillinn, maoluillinn, líne dhíreach/uillinn dhíreach, uillinn athfhillteach, triantán, ceathairshleasáin, céim, cearnóg, dronuilleog, comhthreomharán, rombas, eitleog, traipéisiam, triantán, comhchosach, dronuilleach, comhshleasach, scailéanach, rialta, neamhrialta, ceartingearach, cothrománach, trasnánach, fiarlíne, ingearach le chéile, comhthreomhar, cuartha, uillinntomhas, siméadracht, achar, imlíne |
| **Áiseanna** | páipéar cearnógach, siosúr, rialóir, uillinntomhas |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Iarr ar na daltaí roicéad nó spáslong a tharraingt ar pháipéar cearnógach, agus na critéir a leanas ar fad, nó cuid acu in úsáid acu:

- 5 chruth dhifriúla ar a laghad
- cruthanna rialta agus neamhrialta
- línte díreacha agus cuartha
- trí chineál dhifriúla d'uillinneacha ar a laghad
- líne shiméadrachta amháin ar a laghad

Oibríonn daltaí i mbeirteanna chun airíonna a roicéid agus an chaoi ar chomhlíon siad na critéir a phlé. Ansin, is féidir leo a ndearaí a chur i gcomparáid maidir le cosúlachtaí agus difríochtaí.

### 2 Gníomhaíocht 2

Agus a ndearaí in úsáid acu, ríomhann daltaí imlíne agus/nó achar gach coda den roicéad. Ansin, úsáideann siad iad seo chun an imlíne/an t-achar iomlán a ríomh.

### 3 Gníomhaíocht 3

Agus uillinntomhas in úsáid acu, tomhaiseann agus marcálann na daltaí na huillinneacha ar a roicéid. Ansin, is féidir leo na huillinneacha a rangú de réir dronuillinne, géaruillinne, nó maoluillinne chun a ríomh cé mhéad acu atá le feiceáil ar a ndearadh.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna difriúla atá le feiceáil i do dhearadh?<br>• Cad iad na línte atá le feiceáil i do dhearadh?<br>• Cad iad na huillinneacha atá le feiceáil i do dhearadh?<br>• Cad é imlíne/achar an chrutha x?<br>• Cé mhéad dronuillinn atá i do dhearadh?<br>• An bhfuil na cruthanna i do dhearadh rialta/neamhrialta? | • Cad a thugann tú faoi deara maidir leis na cruthanna/uillinneacha/línte i do dhearadh?<br>• Conas a chinntigh tú gur chomhlíon tú na critéir do do dhearadh?<br>• Cén t-eolas/straitéisí a d’úsáid tú chun do roicéad a dhearadh?<br>• Conas a ríomh tú méid na n-uillinneacha i do dhearadh?<br>• An féidir leat a mhíniú conas a d’úsáid tú uillinntomhas chun na huillinneacha a thomhas? |

## Difreáil

Socraigh líon/castacht na gcritéar de réir thuiscint na ndaltaí. Athraigh dearadh de réir shuimeanna na ndaltaí nó téama traschuraclaim. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.